AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 13.10.2023
JOIN(2023) 32 final/2
DOWNGRADED ON 25.7.2024

2023/0374 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir.

An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023). Bunaítear leis an Rún sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na bearta trádbhac arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhar gaolmhar, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.

Tá an Chomhairle ar tí cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES chun na forálacha sin a léiriú.

Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun na bearta sin a chur chun feidhme.

Molann Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Coimisiún Eorpach Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

2023/0374 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) [2023/,...][1], lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir[2],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir[3] ('PAL'), chun éifeacht a thabhairt do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES.

(2) An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023). Bunaítear leis an Rún sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na bearta trádbhac arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhar gaolmhar, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.

(3) An [...] Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) [2023/...], lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES i gcomhréir le Rún 2693 (2023).

(4) Tagann roinnt de na leasuithe seo faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha iad i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I Rialachán (AE) Uimh. 224/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3, litir (e):

---

1 IO L …
2 IO L 352, 24.12.2013, lch. 51.
3 IO L 70, 11.3.2014, lch. 1.

‘(e) a bhaineann le soláthairtí arm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata, agus páirteanna spártha do na fórsaí slándála thuasluaite, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*